2021

Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta2021

Cuairteanna cigireachta a dearadh chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do chách

AN CHIGIREACHT

DEPARTMENT OF EDUCATION | INSPECTORATE

Clár Ábhar

Réamhrá 2

Tá ard-iarrachtaí déanta ag foireann agus pobail na scoile lena chinntiú go n-éiríonn le scoileanna fanacht ar oscailt i gcomhthéacs COVID-19 2

Tá an Chigireacht ag tacú le hoibriú sábháilte na scoileanna 2

Cuspóirí na gcuairteanna TSSS 3

An cur chuige tosaigh – ag obair le chéile 3

Nósanna imeachta agus príomhghnéithe 4

Creat na seiceálacha 5

Léargas ar ghníomhaíochtaí le linn an TSSS 8

Monatóireacht ar chosaint leanaí 9

Tuairisc leantach ag an Aonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna na Roinne 9

Réamhrá

Tá ard-iarrachtaí déanta ag foireann agus pobail na scoile lena chinntiú go n-éiríonn le scoileanna fanacht ar oscailt i gcomhthéacs COVID-19

Is tosaíocht náisiúnta í oibriú sábháilte agus inbhuanaithe na scoileanna le linn na paindéime COVID-19. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil scoileanna ina dtimpeallachtaí foghlama agus oibre sábháilte do chách. D'eisigh an Roinn Oideachais treoir mhionsonraithe do gach scoil chun tacú leis seo. Tá an treoir bunaithe ar an gcomhairle a sholáthraíonn údaráis sláinte, lena n-áirítear an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (FNSEP) agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (USS) agus tá sí faoi réir athbhreithniú leanúnach. Cuireadh in oiriúint í le haghaidh scoileanna i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais. Tugtar príomhtheachtaireachtaí inti chun riosca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, do dhaltaí/scoláirí, do theaghlaigh agus don phobal go ginearálta agus ag an am céanna aithnítear inti an tábhacht a bhaineann leis an oideachais do shláinte agus folláine na ndaltaí/scoláirí agus na sochaí ina hiomláine.

Tá an Chigireacht ag tacú le hoibriú sábháilte na scoileanna

Tá an Chigireacht tiomanta do thacú le scoileanna agus comhairle a chur orthu agus iad ag cur oideachais agus foghlama ar fáil. Leagadh amach i gCiorclán 40/2020 (Bunscoil) agus 41/2020 (Iar-Bhunscoil) a cuireadh chuig scoileanna i mí an Mheithimh 2020 an dóigh a rachadh an Chigireacht i dteagmháil le scoileanna chun tacú le teagasc, foghlaim agus oibriú sábháilte scoileanna sa scoilbhliain 2020/21.

Tá ról ag an gCigireacht maidir le tacú le scoileanna na treoirlínte a chuir an Roinn amach a chur i bhfeidhm agus freisin maidir le dearbhú a thabhairt don phobal gur timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama do chách iad scoileanna. Tá an Chigireacht á dhéanamh seo ar roinnt dóigheanna:

- Trí chlár de sheisiúin chomhairliúcháin a reáchtáil le scoileanna a dearadh chun tacú le cur i bhfeidhm chomhairle na Roinne do scoileanna
- Trí chlár cuairteanna cigireachta a dhéanamh ar scoileanna [1] chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir le treoirlínte na Roinne a chur i bhfeidhm maidir le timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do chách de réir ár ngealltanas faoi Chiorclán 40/2020 (Bunscoil) agus 41/2020 (Iar-Bhunscoil).
- Trí ghrúpaí fócais, suirbhéanna agus grúpaí comhairliúcháin a reáchtáil le páistí agus daoine óga bunscoile agus iar-bhunscoile. Thug an teagmháil seo léargas faoi leith ar eispéireas foghlaimeoirí ar scoil ó Mheán Fómhair 2020.

Tá na léargais a fuarthas ó sheisiúin chomhairliúcháin, cuairteanna cigireachta agus suirbhéanna ar pháistí agus aosaigh óga ag cur go mór le forbairt agus mionchoigeartú leanúnach bheartas agus threoirlínte na Roinne do scoileanna.

Leagtar amach sa treoir seo an dóigh a dtugann an Chigireacht faoin dara cuid de na tascanna seo. Déantar cur síos ann ar an dóigh ar fhorbair an Chigireacht, i gcomhar le scoileanna, bealach inar féidir leis an gCigireacht na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag scoileanna chun timpeallachtaí sábháilte oibre agus foghlama a sholáthar, comhairle a thabhairt do cheannairí scoile maidir le dea-chleachtas, agus monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na dúshláin agus na héachtaí ag scoileanna agus iad ag iarraidh timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a sholáthar agus iad ag plé le COVID-19.

[1] Ar fud na treorach seo, baintear úsáid as an téarma 'scoil' chun tagairt a dhéanamh do scoileanna, d'ionaid oideachais agus do shuíomhanna foghlama eile. Áirítear leis an téarma 'príomhoide' comhordaitheoirí ionad.

Cuspóirí na gcuairteanna TSSS

Is iad na cuspóirí atá leis na cuairteanna TSSS:

- Tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus do bhoird bhainistíochta agus iad ag cur Plean Freagartha COVID-19 i bhfeidhm d'oibriú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna [2]
- Cuidiú leis an Roinn na dúshláin a bhaineann leis an gcur i bhfeidhm a thuiscint, mar gheall ar an gcomhthéacs éagsúil i scoileanna na hÉireann
- Dearbhú a thabhairt go bhfuil an Plean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Shábháilte agus Inmharthana Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta á chur i bhfeidhm ag údaráis na scoileanna
- Tuairisciú d'Aonad Polasaí agus Rialachas na Roinne ar a mhéid atá Plean Freagartha COVID-19 á chur i bhfeidhm d'oibriú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna sa sampla de scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu
- Gealltanais na Cigireachta a chomhlíonadh de réir Chiorclán 40/2020 agus 41/2020 agus an Meabhrán Comhthuisceana idir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Roinn Oideachais.

An cur chuige tosaigh – ag obair le chéile

Nuair a cuireadh tús le hobair fhorbartha ar an tsamhail seo i Meán Fómhair 2020 d'aithin an Chigireacht go raibh gach scoil ag foghlaim agus ag dul in oiriúint agus iad ag tosú ar theagasc agus ar fhoghlaim in athuair i scoileanna ar bhealaí a bhí sábháilte do pháistí / dhaltaí, dá dteaghlaigh agus do na múinteoirí agus don fhoireann eile atá ag obair sa scoil.

D'aithin an Chigireacht freisin go mbeadh uirthi bealaí oiriúnacha agus éifeachtacha a fhorbairt chun:

- Dea-chleachtas a aithint agus a dhearbhú maidir le Plean Freagartha COVID-19 a chur i bhfeidhm maidir le hoibriú sábháilte agus inbhuanaithe scoileanna eisithe ag an Roinn do scoileanna
- Cásanna a bhrath nuair nach bhfuil treoir á cur i bhfeidhm go leordhóthanach agus comhairle a thabhairt chun tacú leis an mbord bainistíochta, leis an bpríomhoide, leis an bpríomhionadaí /na príomhionadaithe na n-oibrithe agus le foireann na scoileanna faoin dóigh a bhféadfaí aghaidh a thabhairt air seo
- Cásanna a bhrath ina bhfuil sé deacair treoir a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir an fhaisnéis seo a sholáthar don Roinn agus do gheallsealbhóirí araon go tráthúil
- Dearbhú a thabhairt d'údaráis sláinte, don Roinn, do na comhpháirtithe oideachais, do phobal na scoile i gcoitinne agus don phobal i gcoitinne go bhfuil treoir na Roinne do scoileanna á cur i bhfeidhm ag scoileanna.

Mar chéim tosaigh, d'úsáid cigirí creat de sheiceálacha chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a raibh scoileanna ag cur a bpleananna freagartha COVID-19 i bhfeidhm. Bhí na seiceálacha sin

[2] Foilsithe den chéad uair mar Phlean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Shábháilte agus Inmharthana Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

bunaithe ar Phlean Freagartha COVID -19 na Roinne maidir le hoscailt sábháilte agus inbhuanaithe scoileanna.

Rinneadh dhá thriail faoi leith, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, ar na cuairteanna cigireachta i 73 bunscoil, iar-bhunscoil agus ionad oideachais i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Le linn na dtrialacha seo, bhain cigirí úsáid as creat na seiceálacha go ndearna siad plé orthu agus a dtorthaí le príomhoide gach scoile. Tugadh aiseolas don phríomhoide agus don ionadaí / ionadaithe oibrithe ceannais ag deireadh na cuairte. Tugadh cóip den taifead comhlánaithe torthaí i leith gach seiceála don phríomhoide freisin chun tacú lena c(h)uid oibre ag cur threoir na Roinne i bhfeidhm sa scoil.

Rinne na cuairteanna trialach éascú ar chreat na seiceálacha a leasú ar na bealaí seo a leanas:

- Rinne siad soiléiriú ar chuid de na táscairí
- Chuir siad deireadh le dúbailtí i gcásanna eile
- Ina measc siúd bhí táscairí ina ndírítear ar bhearta a chuirtear i bhfeidhm lasmuigh de sheomraí ranga ach laistigh de thimpeallacht na scoile.

Rinne an Chigireacht teagmháil freisin le hAonad Polasaí agus Rialachas na Roinne faoi thorthaí na gcuairteanna trialach agus thug sí aiseolas ar a mhéid atá Plean Freagartha COVID-19 d'oibriú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna Speisialta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna á chur i bhfeidhm sa sampla de scoileanna ar tugadh cuairt orthu agus ar aon dúshláin atá ag teacht chun cinn.

Cuireadh sonraí comhiomlánaithe ó na cuairteanna ar fáil don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus rinneadh aiseolas ón údarás sin agus athruithe ar chomhairle sláinte a choimeád faoi athbhreithniú. Bhí torthaí na gcuairteanna dearfach ar an iomlán. Léirigh bunús na scoileanna leibhéal ard comhlíonta agus rinne scoileanna na cásanna neamhchomhlíonta a leasú ina dhiaidh sin. Le linn chéim na trialach rinne an Chigireacht teagmháil bhreise le heagraíochtaí geallsealbhóirí chun iad a chur ar an eolas faoi thorthaí na trialach, chun éisteacht lena dtuairimí agus a moltaí, agus chun na chéad chéimeanna eile sa triail a phlé.

Rinneadh an Treoir seo a fhorbairt i ndiaidh an chaidrimh sin leis na páirtithe leasmhara oideachais agus leagtar amach inti conas a dhéantar cuairteanna cigireachta um *Thacú le Soláthar Sábháilte Scoileanna (TSSS).*

Nósanna imeachta agus príomhghnéithe

De ghnáth, déanann an cigire teagmháil le príomhoide na scoile an lá roimh an gcuairt. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach bhfógrófaí cuairt.

Maireann cuairt TSSS 1.5-2 uair an chloig de ghnáth.

Agus clár cuairteanna á sceidealú, athraíonn cigirí amanna na gcuairteanna lena chinntiú go mbíonn siad i láthair i scoileanna éagsúla ag amanna éagsúla i rith an lae scoile.

Le linn chuairteanna an TSSS déanann an cigire fiosrú faoi dheich réimse ar leith de Phlean Freagartha COVID-19 na Roinne maidir le hoibriú sábháilte agus inbhuanaithe Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna. Baineann roinnt táscairí le gach ceann de na réimsí seo a chuireann ar chumas an chigire a chinneadh an bhfuil an ghné sin den Phlean Freagartha á cur i bhfeidhm go hiomlán ag an scoil. Tugtar achoimre ar na gnéithe agus na táscairí thíos.

Pléann an cigire na torthaí le príomhoide na scoile agus le príomhionadaí/príomhionadaithe na n-oibrithe ag deireadh na cuairte.

Foilsítear tuarascáil ón gcuairt cigireachta de réir na d*Treoirlínte maidir le Tuarascálacha Cigireachta a fhoilsiú* (Meán Fómhair 2015).

Creat na seiceálacha

Tá Creat na seiceálacha do na cuairteanna cigireachta bunaithe ar Phlean Freagartha COVID-19 na Roinne um Athoscailt Sábháilte agus Inbhuanaithe Scoileanna. Tá an plean freagartha sin ag teacht ar a uain, le comhairle agus rialacháin atá leagtha amach ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta do gach ionad oibre.

Déantar na seiceálacha a ghrúpáil i gceithre phríomhréimse:

1. Pleanáil
2. Príomhionadaí na nOibrithe (PIO) a cheapadh
3. Oiliúint foirne a thabhairt
4. Cur i bhfeidhm bearta rialaithe

Baineann roinnt seiceálacha le gach príomhréimse; is iad seo na bearta sonracha ba chóir do scoil a dhéanamh maidir le gach réimse. Tá na réimsí agus na seiceálacha léirithe ar an tábla thíos.

PLEANÁIL	
1	Tá beartas [3] COVID-19 i bhfeidhm sa scoil
a.	• Cuimsítear sa bheartas, ar a laghad, na gealltanais atá leagtha amach in Aguisín 1 den Phlean Freagartha COVID-19 le haghaidh Athoscailt Shábháilte Inbhuanaithe na Scoileanna.
b.	• Tá fianaise ann go ndearnadh an beartas a chomhroinnt leis an bhfoireann, le daltaí /scoláirí agus le tuismitheoirí
c.	• Deimhníonn príomhoide na scoile agus PIO go bhfuil cur amach acu ar Phlean Freagartha COVID-19 athbhreithnithe d'oibriú sábháilte agus inbhuanaithe Scoileanna Iar-Bhunscoileanna / Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta
2	Rinne an scoil a measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta a uasdátú chun na contúirtí a aithint agus chun na bearta rialaithe ábhartha a bhaineann le COVID-19 a leagan amach
a.	• Cuimsítear i measúnú riosca na scoile COVID-19 mar riosca agus sainaithnítear ann bearta rialaithe gaolmhara
PRÍOMHIONDADAÍ OIBRITHE A CHEAPADH	
3	Tá Príomhionadaithe Oibrithe ceaptha ag an scoil
a.	• Tá ainm PIO ar fáil[4]
b.	• Bhí na baill foirne scoile ar labhair siad leo le linn na cuairte ar an eolas faoi PIO
c.	• Léirítear sa plé le PIO go bhfuil sé / sí ar an eolas faoi ról agusfreagrachtaí PIO mar atá mínithe in Aguisín 8 de Phlean Freagartha COVID-19 maidir le hoscailt shábháilte agus inbhuanaithe scoileanna
d.	• Deimhníonn PIO go bhfuil oiliúint curtha i gcrích aige / aici do PIOnna
e.	• Dheimhnigh PIO go bhfaigheann sé (sí) am cosanta, de réir threoirlínte na RO, chun é/í a chumasú a gcuid dualgas a chomhlíonadh sa ról sin
SOLÁTHAR LE HAGHAIDH OILIÚINT FOIRNE	
4	Dheimhnigh an scoil go bhfuil athbhreithniú déanta ag an bhfoireann ar an ábhar oiliúna atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais (sonraí i gCuid 4.1);
a.	• Dheimhnigh na baill foirne scoile ar labhraíodh leo le linn na cuairte go bhfuil oiliúint ábhartha déanta acu
5	Tá an fhoirm um Fhilleadh ar Obair comhlánaithe ag gach ball foirne
a.	• Dheimhnigh an príomhoide go bhfuil foirm um Fhilleadh ar Obair comhlánaithe ag gach ball foirne
b.	• Dheimhnigh na baill foirne scoile ar labhraíodh leo le linn na cuairte go raibh foirm um Fhilleadh ar Obair comhlánaithe acu
6.	Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun déileáil le cás amhrasta de COVID 19 de réir Plean Freagartha COVID-19 d'oscailt sábháilte agus inbhuanaithe scoileanna
a.	• Tá príomhoide na scoile agus PIO ar an eolas faoi na nósanna imeachta chun déileáil le cás amhrasta
b.	• Tá limistéar leithlise réidh
c.	• Tá uimhreacha teagmhála do thuismitheoirí ar fáil
d.	• Tá soláthar TCP ar fáil ag an scoil
7	Tá póstaeir agus comharthaíocht eile curtha ar taispeáint ag an scoil chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus scaipeadh COVID-19
a.	• Tá fianaise le feiceáil ar phóstaeir agus ar chomharthaíocht ar fud na scoile
8	Tá athruithe curtha i bhfeidhm ag an scoil ar leagan amach na scoile agus an tseomra ranga chun tacú le scaradh fisiceach agus chun glanadh leanúnach na scoile a éascú de réir alt 5.4 de threoirlínte na Roinne.
a.	Tá fianaise le feiceáil de sheomraí ranga atá leagtha amach in athuair chun na híoscheanglais maidir le scaradh fisiceach a chur san áireamh
b.	Tá stáisiún sláintíochta ar fáil ag na príomhphointí iontrála agus imeachta don scoil
c.	Tá stáisiúin sláintíochta ar fáil go rialta ar fud na scoile
d.	In iar-bhunscoileanna, caitheann múinteoirí, baill foirne eile agus daltaí clúdaigh aghaidhe de réir threoir / riachtanais reatha na RO
e.	Ní mór do chuairteoirí chun na scoile clúdaigh aghaidhe a chaitheamh
f.	Tá bearta i bhfeidhm ag an scoil chun idirghníomhaíocht a laghdú agus scaradh fisiceach a mhéadú lasmuigh de na seomraí ranga

[3] D'fhéadfaí Plean Freagartha COVID-19 na scoile a thabhairt air seo

[4] In iar-bhunscoileanna le níos mó ná 40 ball foirne, ba cheart dara Príomhionadaí na nOibrithe a cheapadh. I scoileanna ina bhfuil dhá PIO ba chóir do chigirí bualadh leis **an dá PIO** nuair is féidir**.** Beidh Leas-Ionadaí Oibrithe chomh maith le PIO á cheapadh ag bunscoileanna ina bhfuil níos lú ná 30 ball foirne.
Beidh Ionadaí Oibrithe Cúnta chomh maith le PIO á cheapadh ag scoileanna ina bhfuil níos mó ná 30 ball foirne agus ag gach scoil speisialta.

g.	Tá socruithe i bhfeidhm chun scaradh fisiceach sa seomra foirne a éascú
h.	Tá bearta i bhfeidhm le haghaidh aerála maith agus riachtanais/ treoracha reatha na RO á gur san áireamh
9	Na socruithe is gá a bheith déanta chun srian a choinneáil ar an rochtain ar an scoil ag cuairteoirí riachtanacha agus taifid a choinneáil ar theagmhálaithe leis an scoil
a.	Coinnítear logleabhar teagmhála le haghaidh cuairteoirí
10	Dheimhnigh príomhoide na scoile go bhfuil socruithe **glantacháin feabhsaithe** trína léirítear go bhfuil treoir na Roinne i bhfeidhm

Léargas ar ghníomhaíochtaí le linn an TSSS

ROIMH AN gCUAIRT TSSS	Gníomhaíocht Cigireachta	• Glao gutháin cúirtéise gairid a chur ar scoileanna ag léiriú an uair a bheidh an cigire ag pleanáil cuairt a thabhairt ar an scoil [5] • Tabhair achoimre ar na doiciméid atá ag teastáil don chuairt agus faigh amach an féidir iad a fheiceáil go leictreonach • Seol an fhoirm teagmhála scoile chuig an scoil trí ríomhphost • Tabhair achoimre ar na cruinnithe a bheidh le reáchtáil le linn na cuairte • Fiosraigh faoi phrótacail na scoile maidir le cuairteoirí ar an scoil • Cuir in iúl don phríomhoide gur chomhlíon sé / sí go hiomlán treoirlínte uile na Roinne maidir le cuairt a thabhairt ar scoileanna • Seol na sonraí féin-dearbhaithe trí ríomhphost chuig an bpríomhoide
	Gníomhaíochtaí Scoile	• Comhlánaigh foirm teagmhála scoile agus seol ar ais chuig an gcigire í • Cinntigh go bhfuil na cáipéisí riachtanacha go léir ar fáil don chuairt • Déan na socruithe praiticiúla is riachtanach le haghaidh na gcruinnithe
LE LINN NA CUAIRTE TSSS	Gníomhaíocht Cigireachta	**Athbhreithniú:** • Ráiteas um Polasaí Scoile maidir le COVID-19 • Measúnú Riosca COVID-19 • Logleabhar Teagmhála na Scoile[6]
		Déan teagmháil le: • Príomhaí • Príomhionadaí/ Príomhionadaithe na nOibrithe • Rogha de na Baill Foirne[7]
		Breathnaigh ar: • Socruithe maidir le scaradh fisiceach maidir le seomraí ranga, réimsí sóisialta srl a roghnú • Comharthaíocht COVID-19 • Aonaid Sláintíochta • Limistéar Leithlise • Trealamh TCP • Seomra Foirne • Limistéir lasmuigh de sheomraí ranga a roghnú
		Seiceálacha Caomhnaithe Leanaí • Seiceálacha Caomhnaithe Leanaí ar leibhéal a haon a dhéanamh
		Comhlánaigh Logleabhar Teagmhála an Chigire
		Aiseolas: • Tabhair aiseolas don phríomhoide agus do phríomhionadaí/do phríomhionadaithe na n-oibrithe ag deireadh na cuairte
I NDIAIDH NA CUAIRTE TSSS	Gníomhaíocht Cigireachta	• Eisiúint Dréacht-tuarascála le haghaidh dearbhú fíricí agus le haghaidh freagra scoile • Foilsiú na tuarascála deiridh ar shuíomh Gréasáin na Roinne
	Gníomhaíochtaí Scoile	• Tuairisc leantach maidir le haon ghnéithe a aibhsíodh le linn an aiseolais • Freagra ag céim dhearbhaithe fíricí agus fhreagartha scoile, más ábhartha

[5] De ghnáth, ba cheart an glao seo a chur lá roimh an gcuairt. Forchoimeádann an Chigireacht an ceart TSSSanna gan réamhfhógra a sheoladh.

[6] Déantar é seo a sheiceáil tríd an gcigire a chomhlánaíonn an logleabhar teagmhála ar an scoil nó sula dtagann sé nó sí chun na scoile

[7] Roghnaíonn an cigire na baill foirne a mbeidh sé/sí ag plé leo agus na seomraí ranga agus réimsí eile a dtabharfaidh sé/sí cuairt orthu

Monatóireacht ar chosaint leanaí

Le linn cuairte TSSS déanann an cigire monatóireacht ar chosaint leanaí leibhéal a haon mar a leanas:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.

Tuairisc leantach ag an Aonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna na Roinne

Tá Aonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna na Roinne Oideachais freagrach as scoileanna aonair a leanúint agus tacú leo. Déanfaidh an Chigireacht na tuairiscí ó scoileanna aonair a roinnt i gcás nach bhfuil gnéithe de na treoirlínte á gcur i bhfeidhm go hiomlán leis an Aond Polasaí agus Rialachas Scoileanna.

Más gá, féadfaidh an tAonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna a iarraidh ar an gCigireacht cuairt leantach a dhéanamh ar an scoil sin.

Sa chás ina mbíonn an cigire ar an eolas faoi shaincheisteanna acmhainní maidir le sláintíocht, TCP, glanadh feabhsaithe, maoirseacht agus ionadú, cuirfear iad seo in iúl don Aonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna gan mhoill.

Sa chás ina mbíonn an cigire ar an eolas faoi shaincheisteanna pleanála agus tógála cuirfear iad seo in iúl don Aonad Pleanála agus Foirgníochta tríd an Aonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna gan mhoill.